Oifigeach Íocaíochtaí Creidiúnaithe
Conradh

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh Oifigeach Íocaíochtaí Creidiúnaithe, post ar chonradh, a bheidh ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann dhíograiseach sa Rannóg Airgeadais. Táthar ag lorg duine cumasach agus tiomanta freagrach as na babhtaí íocaíochtaí a dhéanamh gach seachtain agus maoirseacht ar an gcórais próiseáil sonraisc.

Dualgais

- Sonraisc soláthraithe a bhainistiú go leictreonach.
  Babhta íocaíochtaí do soláthraithe a phróiseáil agus a íoc go seachtainiúil
- A chinntiú go bhfuil soláthraithe cáin-chomhlíontacha
- An comhad Cánach Conarthaí Iomchuí agus Asbhaintí Cánach Iarchoimeádta Gairmiúla a ullmhú agus a tuarascáil a chuir faoi bhráid ros.ie
- Na ráitis óna soláthraí a réiteach le cuntas na soláthraí ag deireadh gach mí.
- Riarthóir córais ar an córas ordú ceannacháin (IPOS)
- Déileáil le fiosrúchán soláthraithe
- Athbhreithnigh ordaithe ceannacháin agus sonraisc agus líon isteach tuarascáil na n-ordaithe ceannacháin thar €20,000 gach ceathrú.
- Ús um íoc pras agus táillí ar íocaíochtaí déanacha a ríomh agus a phróiseáil.
- Tuairiscí agus obair riaracháin eile.

Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:

- Cáilíochtaí cuí 3ú leibhéal ag iarratasóirí agus taithí ábhartha no eolas maith a bheith acu ag plé le sonraisc a phróiseáil agus a íoc.
- Scileanna eagrúcháin láidre chomh maith le haird ar mhionsonraí agus ar chruinneas,
- Scileanna réiteach fadhbanna mar aon le leibhéal ard scileanna uimhearthachta agus anailíse,
- Cumas i bhfeidhmiú córais ríomhaireachta airgeadais agus pacáistí caighdeánacha ríomhaireachta ar nós MS Word, Excel, Teams, Outlook. Eolas faoi One Drive agus Sharepoint ina bhuntáiste ach níl sé riachtanach,
- Scileanna ceannaireachta den scoth agus an cumas chun foireann a spreagadh, a threorú agus a bhainistiú,
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.

Is post ar chonradh é seo. Tá scála tuarastail ag grád Oifigeach Feidhmiúcháin idir €33,812-€56,127 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.
Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

Tá tuilleadh eolais le fáil sa leabhrán eolais ag http://www.udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/poist-ar-fail

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. 22 Meán Fómhair 2023**

Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.